

## RÉAMHRÁ

### *An scéalaí agus a cuid scéalta*

Bhí Cáit Feiritéar (Ní Ghuithín) ó Bhaile na hAbha, Dún Chaoin, Co. Chiarraí (1916-2005) – nó ‘Bab’, nó go deimhin ‘An Bhab’, mar ab fhearr aithne uirthi – ar dhuine de na scéalaithe traidisiúnta deireanacha in Éirinn. Ba leor sin go gcuirfí spéis inti, ach bhí mórán eile ag baint léi a d’fhág gur dhuine ar leith le traidisiún ar leith í. Tá saibhreas as an ngnáth ag baint lena stór ilghnéitheach béaloidis. Dealraíonn sé go raibh timpeall 200 scéal aici.<sup>1</sup> Ina theannta sin, tá an-éagsúlacht ina stór scéalaíochta, idir sheanscéalta fada iontais agus scéalta rómánsúla, chomh maith le finscéalta gearra de gach sórt. Ach ní ar insint scéalta traidisiúnta amháin a rug Bab an chraobh léi; ní raibh aon teora ach oiread leis an dtaisce íomhánna a bhí aici, a ghaibh leis na heachtraí iomadúla neamhghnácha a chonaic sí le linn a marthana. Bhí ar a cumas chomh maith cuimhneamh ar gach rud a chuala sí ó bhéal a muintire idir ghaolta is chomharsain faoin seanashaol, an saol úd sara dtáinig na háiseanna nua-aimseartha mar aibhléis, uisce reatha nó gluasteáin go dtí pobal an pharóiste.

### *Conas mar a cuireadh an cnuasach seo i dtoll a chéile*

Le tiomsú *Ó Bhéal an Bhab*, a tháinig ar an bhfód i 2002, dheineamar an chéad iarracht Bab a chur i láthair an phobail agus rogha dá cuid scéalta a chur ar fáil i gcló fara taifeadtaí fuaime.<sup>2</sup> Mar sin féin, fiú sarar foilsíodh *Ó Bhéal an Bhab*, thuigeamar go raibh gnéithe dá traidisiún arbh fhiú dúinn a phlé níos doimhne agus gnéithe eile ná raibh pléite againn in aon chor. Is iarracht an foilseachán seo ar an mbearna úd a líonadh. Chuir Bab suim mhór sa togra úr seo, ag beannú go geanúil gealchroíoch dúinn mar ba dhual di, ar theacht dúinn ar cuairt uirthi go moch ar maidin nó déanach istoíche. D’fhreagair sí ár gceisteanna ar fad go toilteanach foighneach, agus níor léirigh sí aon leisce riamh tabhairt faoi thaifeadadh a dhéanamh in athuair nuair ba ghé. Ar a shon sin is uile, cé go raibh sé d’aidhm againn scéalta áirithe

a bhí ar eolas againn a bheith i stór Bhab a chur ar fáil an turas seo, chuir a breoiteacht i mblianta beaga déanacha dá saol, bac orainn. Go háirithe, chuaigh cumas Bhab chun scéalta fada a eachtraí i léig, agus bhí scéalta áirithe ina measc ar theastaigh uainn go géar iad a sholáthar sa chnuasach seo. Ar ámharáí an tsaoil bhí taifeadtaí den scoth de na scéalta céanna déanta cheana ag RTÉ Raidió na Gaeltachta. Táimid fíorbhuíoch den Raidió as na scéalta sin a sholáthar dúinn.

*An saothrú go dtí seo ar scéalta agus ar sheanchas Bhab*

Fiú amháin má chuirtear an cnuasach seo agus a bhfuil in *Ó Bhéal an Bhab* le chéile, is léir nach bhfuil ann ach beagán de stór Bhab. Ar ámharáí an tsaoil ní sinne amháin a bhailigh béaloideas uaithe. Gheofar suirbhé ar an mbailiú úd mar ab eol dúinn é sa Réamhrá in *Ó Bhéal an Bhab*.<sup>3</sup> Is féidir cur leis an liosta úd anois áfach. Tar éis di páirt ghníomhach a ghlacadh sa chath chun scoil Dhún Chaoin a choimeád ar oscailt (1970-73) bhí an-fhonn ar Bhab tacú le hiarrachtaí chun ábhar traidisiúnta i nGaeilge a chur ar fáil do leanaí bunscoile. Dob í a bhí mar ancaire ag an dá fhoilseachán, *Rabhlaí Rabhlaí*, ar na rannta traidisiúnta,<sup>4</sup> agus *Scéilín ó Bhéilín*, ar na scéalta traidisiúnta. Bhain sí feidhm as a cumas aithriseoireachta sa dá scigscéal slabhra 'An Cat agus an Luch' agus 'Cearc an Phrompa' agus sa scéal corraitheach cráifeach 'Míorúilt na Nollag' san fhoilseachán déanach úd.<sup>5</sup> Lena chois sin, is ceart tagairt ar leith a dhéanamh don ábhar a bhailigh scoláirí Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh i 1990-91, agus a foilsíodh sa leabhar *Tobar an Dúchais*.<sup>6</sup>

Fairis sin, tugadh go leor airde ar Bhab tar éis a báis, i measc scoláirí agus sa phobal i gcoitinne. Tugadh aitheantas dá héachtaí in *Béaloideas*, Iris an Chumainn le Béaloideas Éireann, eagrais ina raibh sí ina ball oinigh.<sup>7</sup> Deineadh a bás a thuirisciú go forleathan sna meáin nuachta. Thiomnaigh RTÉ Raidió na Gaeltachta an clár 'An Saol ó Dheas' do Bhab go luath tar éis a báis i dtús an Mheithimh, 2005 agus sraithchláracha di i 2006. Léiríodh urraim an phobail áitiúil di in ailt chuimhneacháin<sup>8</sup> agus cuireadh an phúir a thug a bás ar an gcultúr Gaelach in

iúl do chách in alt in *The Irish Times*, 'Renowned scéalaí with storytelling in her blood'.<sup>9</sup> Buanófar cuimhne ar Bhab toisc í a bheith áirithe in *Beathaisnéis*, i gcomhlúadar gaiscíoch eile i ngort na litríochta agus an chultúir Ghaelaigh.<sup>10</sup> Is onóir neamhghnách í seo do bhanscéalaí (agus go deimhin d'aon scéalaí), ach onóir í a tugadh dá comhpharóisteánach cáiliúil Peig Sayers chomh maith. Thairis sin is cuí a lua, go n-ainmneodh Coláiste Ollscoile Chorcaí duais ina honóir i 2005, i gcuimhne ar a rannpháirtíocht rathúil i gcomórtais an Oireachtais.<sup>11</sup> Comhartha bhreise ar an spéis a mhúscail scéalta Bhab i measc lucht léinn ná go bhfuil tráchtas dochtúireachta uirthí le Gearóidín Nic Cárthaigh i gColáiste Ollscoile Chorcaí, *Scéalaí Duibhneach, Staidéar Eitneagrafaíoch i gcomhar le Bab Feiritéar*.

Faoi mar atá luaite cheana, bhí éileamh ag an bpobal ar *Ó Bhéal an Bhab* agus baintear feidhm choitianta as i gcúrsaí scoile agus ollscoile araon. Is é ár nguí go gcomhlíonfaidh an cnuasach úr seo na feidhmeanna céanna agus a thuilleadh nach iad.

### *Foghlaim teanga agus staidéar canúna*

Cé nach í foghlaim na teanga príomhaidhm an chnuasaigh seo, ta súil againn gur áis a bheidh ann di, a bhuíochas do ghuth an scéalaí ar na dlúthdhioscaí agus don dtéacs a ghabhann lena gcois. (Tá an modh trasríofa ar aon dul leis sin ar bhaineamar feidhm as in *Ó Bhéal an Bhab*, mar a bhfuil tagairtí do shaothair a bhaineann le Gaeilge Chorca Dhuibhne ar fáil ann chomh maith.<sup>12</sup>) Stór focal na scéalta traidisiúnta is mó atá san fhoilseachán seo, agus is féidir blaiseadh de sin a fháil ó bheith ag éisteacht leis na taifeadtaí i dtús báire, le cúnamh ón dtrasríobh. Gheofar saintearmaí agus cainteanna ceolmhara sna míreanna a chuireann síos ar shaol Bhab. Chomh maith leis sin, tá na scéalta atá á gcur againn in bhur láthair an-oiriúnach d'fhoghlaimoirí, a bhuíochas do ghuth gléghlan agus do bhlas béal-líofa Bhab. Dóibh siúd ar spéis leo staidéar ar chanúintí, ba dheacair taifeadtaí chanúint Chorca Dhuibhne ní b'fhearr a fháil. Is féidir staidéar tairbheach a dhéanamh ar a cuid cainte le

cúnamh ón mbunsaothar ar chanúint na dúthaí, *Gaeilge Chorca Dhuibhne* le Diarmuid Ó Sé.<sup>13</sup>

### *Seasmhacht agus éagsúlacht sa traidisiún scéalaíochta*

Ba é ba thábhachtaí dúinn, áfach, cnuasach a chur le chéile a leagfadh bunchloch chun na tréithe ealaíonta i scéalaíocht Bhab a léiriú, mar níl aon amhras ná gur déantús ealaíonta iad a scéalta, nach lú a luach in aon tslí ná saothar litríochta. Tá difear eatarthu, áfach. Ní heol cé chum na scéalta traidisiúnta, bíonn éagsúlacht iontu le gach insint, ach fós coimeádtar an príomhphlota agus an struchtúr, sa tslí gur féidir 'an scéal céanna' a aithint i gcónaí. Ceist lárnach i staidéar an bhéaloidis is ea nádúr na n-athruithe seo, agus na cúiseanna gur ann dóibh. Tá na modhanna ar féidir feidhm a bhaint astu chun na gnéithe seo a chíoradh an-oiriúnach i gcás scéalta Bhab.

### *Bailiú iomadúil*

Aithnítear a thábhachtaí is atá sé go mbeadh teacht ar chnuasaigh théagartha ó scéalaithe ar leith. Ba cheannródaithe sa ghné seo na scoláirí Éireannacha, go háirithe Dubhghlás de hÍde agus Séamus Ó Duilearga.<sup>14</sup> A bhuíochas do chnuasaigh leosan, ba chóir go bhféadfaí tréithe, roghanna agus claonta na scéalaithe a aithint. Mar sin féin, is dóichí gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar conas a oibríonn aigne scéalaithe tré staidéar comparáideach a dhéanamh ar leaganacha éagsúla den scéal céanna uathu, agus é á insint níos mó ná aon uair amháin. Cé go bhfuil bonn láidir teoiriciúil faoin modh seo, ba annamh a tástáladh é, toisc nach raibh fáil ar ábhar cuí chuige. Mar sin féin, tá eisceachtaí suaithinseacha ann. Tré ghlanseans, seachas a mhalairt, deineadh taifeadadh faoi dhó, faoi thrí agus níos minicí fiú, ar mhórchuid de scéalta Pheig Sayers, banríon na scéalaithe Gaelacha, agus a bhuíochas don mbailiú a dheineamar féin agus daoine eile, tá Bab ar an ndornán scéalaithe a bhfuil fáil ar mhórán leaganacha de chuid mhaith scéalta uathu. Toradh amháin a chítear láithreach nuair a dheintear comparáid idir leaganacha éagsúla den scéal céanna ó Bhab ná gur beag

athrú a léirítear ó insint go hinsint chomh fada is a bhaineann le haicsean agus ord na n-eachtraí de. Bíonn athrú suntasach, áfach, san fhoclaíocht, sa mhiontuairisc, agus san fheidhm a bhaintear as an gcomhrá. Tá cúpla scéal le Bab agus insintí éagsúla orthu in *Ó Bhéal an Bhab* agus a thuilleadh sa chnuasach seo.<sup>15</sup> Ina theannta sin, is féidir scagadh a dhéanamh ar athruithe ó insint go hinsint sna scéalta, m.s. iad sin a eascraíonn ó ócáidí poiblí mar éigsí agus comhludair mhóra eile, nó a bhaineann le cur i láthair raidió agus teilifíse. Is léir go raibh luí agus spéis ar leith ag Bab i scéalta áirithe, agus lena chois sin, roghnaigh sí scéalta ar leith a rúnódh dá héisteoirí éagsúla, leanaí scoile, mic léinn ollscoile, lucht éisteachta raidió, srl. Ach nílimid ach i dtús staidéir dá leithéid seo.<sup>16</sup>

### *Na scéalta ó ghlúin go glúin*

Ba í an scoláire Ungáireach Linda Dégh a thug aird, ina saothar ceannródaíoch *Folktales and Society*, ar an tábhacht a bhaineann le staidéar comparáideach a dhéanamh ar insintí éagsúla ar scéalta ó scéalaí ar leith.<sup>17</sup> Mhol sí modh eile staidéir, chomh maith, go ndéanfaí comparáid idir insintí ó scéalaithe agus insintí na scéalaithe ónar fhoghlaim siad na scéalta céanna. Cé gur tábhachtach an modh staidéir seo, tá de mhíbhuntáiste aige go bhfuil an t-ábhar a theastódh chuige sin thar a bheith gann, toisc nár tosnaíodh ar an mbéaloideas a bhailiú go dtí déanach go maith in Éirinn, a d'fhág nach bhféadfaí na 'seanmháistrí' a thaifeadh. Arís, is cás eisceachtúil í Bab, toisc gur deineadh taifeadh ar roinnt dá scéalta ó scéalaithe ónar fhoghlaim sí iad. Is díol spéise é, chomh maith, go raibh gaol gairid ag Bab le roinnt des na scéalaithe seo, rud a léiríonn go raibh bunús teann clainne le roinnt mhaith dá cuid traidisiún. Sampla dá leithéid is ea 'Micí na Muc', scéal a raibh an-chion ag Bab air agus atá i gcló in *Ó Bhéal an Bhab*. Tá leaganacha againn den scéal úd óna seanamháthair agus óna seanaintín araon (faoi dhó fiú, i gcás na seanamháthar) agus óna huncail Tadhg.<sup>18</sup> Sampla spéisiúil eile dá leithéid seo is ea an scéal 'Triúr Iníon na Baintrí' (uimh. 31) sa chnuasach seo a bailíodh faoi dhó ó sheanaintín Bhab (ag

an mbailitheoir lánaimseartha Seosamh Ó Dálaigh i 1936 agus ag an scoláire Eilbhéiseach Heinrich Wagner i 1946).<sup>19</sup> Tugtar leagan Sheosaimh den scéal in Aguisín A.

### *Scéalta foghlamtha ó fhoilseacháin bhéaloidis*

Cé gur scéalta traidisiúnta iad na scéalta a insíonn Bab, ní chiallaíonn seo go n-eascaíonn siad ar fad ó thraidisiún a muintire nó, fiú amháin, ó thraidisiún an cheantair. Murab ionann agus scéalaithe ó ghlúinte roimpi, bhí léamh agus scríobh na Gaeilge ag Bab, agus is léir gur fhoghlaim sí riar maith dá cuid scéalta ó leabhair agus ó irisí. Cé go mba scéalta traidisiúnta go bunúsach iad seo ar fad, shíolraigh cuid díobh ó cheantracha eile in Éirinn seachas Corca Dhuibhne. Baineann tábhacht ar leith le haimsiú na bhfoinsí clóbhuailte seo chun pictiúr níos soiléire a fháil de mhodh scéalaíochta Bhab. I measc na bhfoilseachán áitiúla is mó a thaosc Bab astu tá *An Seanchaidhe Muimhneach* leis an Seabhac.<sup>20</sup> Ach an foinse clóbhuailte is tábhachtaí ar fad a bhí aici ná an cnuasach úd *Scéalta Cráibhtheacha* in eagar ag Seán Ó Súilleabháin.<sup>21</sup> Bhí roinnt ábhair ó bhaile dúchais Bhab ann, scéalta a bhí cloiste aici cheana, ina measc dhá scéal a d'éachtraigh a huncail Tadhg,<sup>22</sup> ach ó chríocha eile ab ea formhór na scéalta san fhoilseachán sin. Is iontach go deo an tsuim a chuir Bab sna scéalta cráifeacha úd ar fad, agus mheabhraigh sí mórán díobh. Léiriú é sin ar neart eisceachtúil a cuimhne. Mar sin féin, ní focal ar fhocal a mheabhraigh ná a d'inis sí iad, ach chuir sí a cló féin go cliste orthu. Saibhríonn sí iad le seanfhocail agus coraí cainte dá cuid féin, maisíonn sí iad le comhrá bríomhar anamúil sa bhreis, agus cuireann sí iad in oiriúint go cruthaitheach don suíomh áitiúil i gCorca Dhuibhne.

### *An béaloideas agus an litríocht*

Ach ní hiad na scéalta ó fhoilseacháin bhéaloidis a léigh Bab an t-aon chúnamh don staidéar comparáideach ar a scéalta. Is tairbheach, chomh maith, a cuid scéalta a chur i gcomparáid le saothair chruthaitheacha ó scribeoírí. Bhunaigh duine d'fhillí móra ár linne, Nuala Ní Dhomhnaill, dánta ar scéalta a chuala sí

ó Bhab, agus is uaithi a fuair sí teidil ar dhá chnuasach filíochta dá cuid, *Dealg Droighin* agus *Féar Suaithinseach*.<sup>23</sup> Ní mar a chéile na scéalta traidisiúnta agus na scéalta liteartha ó údair aithnidiúla, sa tslí go gcuirtear struchtúr éagsúil orthu chun go raghaidh siad i bhfeidhm ar a lucht éisteachta nó ar lucht a léite. Is fiú, mar sin, comparáid a dhéanamh idir modh oibre na scéalaithe agus na scríbhneoirí cruthaitheacha sa mhéid is gur féidir leo araon léas solais a chaitheamh ar mhodheolaíocht a chéile. Nuair a chuireann na scríbhneoirí scéalta béil ina gcuid saothair is minic a bhriseann siad dlíthe na heipice ar mhaithe lena gcuspóirí féin.<sup>24</sup> Sa tslí seo seasann aidhmeanna agus modh oibre na n-údar liteartha amach, agus san am céanna gheibhimid tuiscint níos fearr ar nádúr agus ar bhuntréithe na scéalaíochta ó bhéal. D'fhéadfaí go leor samplaí bunaithe ar scéalta Bhab a thabhairt chun a leithéid a léiriú, ach déanfaidh cúpla sampla an bheart.

### *Bab agus Chaucer*

Ceann de *The Canterbury Tales* le Geoffrey Chaucer is ea 'The Friar's Tale'.<sup>25</sup> Tráchtann sé ar sheirbheálaí (*summoner*), fear gurb í a ghairm daoine a sheirbheáil chun na cúirte eaglasta. Tá sé beartaithe aige airgead a bhaint de bhaintreach bhocht go bhfuil adhaltranas curtha ina leith go héagórach aige. Castar diabhal air ar a shlí agus deineann siad margadh go gceadófaí don diabhal aon duine nó aon ní a thabhairt leis a thairgeofaí ó chroí dó. Ní tharlaíonn a leithéid, áfach, go dtí go gcuireann an bhaintreach mallacht ar an seirbheálaí, agus sciobtar láithreach go hifreann é.

Is sa cheathrú haois déag a scríobh *Chaucer* an scéal seo, agus ní foláir go raibh se le clos ar fud na hEorpa i bhfad roimhe sin. Ach nach iontach go raibh an scéal le clos ó bhéal na ndaoine in Éirinn go dtí le fíordhéanaí! Tharlódh gurbh é leagan Bhab de 'An Báille Mór agus an Diabhal' an insint dheireanach sa slabhra fada scéalaíochta seo.

Tá roinnt cúiseanna go dtabharfaí suntas ar leith do 'An Báille Mór agus an Diabhal' le Bab, sa leagan den scéal atá i

gcorp an fhoilseacháin seo (uimh. 34), agus sa leagan eile léi atá in Aguisín B, a d’inis sí do Ruth Uí Ógáin.<sup>26</sup> Cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach san fhoclaíocht eatarthu, ní mór atá eatarthu ó thaobh ábhair agus stíle de. Insint ghonta atá sa dá cheann (tá 430 focal inár leagan, agus 475 i leagan Uí Ógáin) agus iad araon go hiomlán de réir dlithe na heipice agus a gclaonta, maidir le síorghluaiseacht na n-eachtraí san insint sna trí eachtra, agus buaic an scéil le hiontas sa tríú ceann acu. Tá comhrá craicneach go raidhsiúil iontu araon.

Scéal den scoth atá in insint Chaucer, chomh maith, ach ar shlite difriúla ar fad. Insint véarsaíochta atá ann, rud a mhíníonn cuid de na difríochtaí, agus é an-fhada (timpeall 4,000 focal). Claonadh coitianta is ea é ag scribeoír cruthaitheach síneadh dá leithéid a chur le scéalta traidisiúnta agus iad á n-athchóiriú. Tharla athruithe eile toisc gur theastaigh ó Chaucer an scéal a shuíomh laistigh dá fhrámascéal, an oilithreacht go Canterbury agus a rannpháirtithe. I measc na n-oilithreach bhí seirbheálaí agus bráthair, agus toisc go mbíonn siad beirt ag síorachrann lena chéile, cuireann Chaucer seirbheálaí seachas báille traidisiúnta i ról an bhithúnaigh sa scéal, atá curtha i mbéal an bhráthar. Ina theannta sin, chun scig bhreise a dhéanamh ar an bhfuath agus ar an éad a bhíonn idir na hoird agus gráid éagsúla na hEaglaise – agus le bonn breise a chur faoin aoir fhrithchléireach atá go láidir in *The Canterbury Tales* – cuireann Chaucer tús leis an scéal le cuntas fada ar ard-dhéagánach, a bhfuil an seirbheálaí fostaithe aige, agus a chuid duáilcí agus drochghníomhartha go léir. Ina theannta seo, labhrann Chaucer ina scéal faoi dhiabhal i measc paca diabhal agus deamhan, seachas an diabhal aonair traidisiúnta. Sa tslí sin, cruthaíonn sé struchtúr ceannasaíochta faoi mar a dhein sé i gcás an ard-dhéagánaigh agus an tseirbheálaí. Tugann an claoclú seo an chaoi dó, chomh maith, a bheith ag trácht ar dheamhnóireacht, agus ar nádúr agus ar chumhachtaí na n-ainsprideanna. Fágann sin saothar Chaucer ag gluaiseacht go malltriallach éagothrom i gcodarsnacht ghlan le leaganacha béil den scéal. Ní ghéaraíonn ar a luas go dtí go mbíonn an ghníomhaíocht ag teannadh le



ceann scribe, agus is ar luas lasrach a tharlaíonn sin (claonadh atá le sonrú ar mhórán de na scéalta in *The Canterbury Tales*).

Comhartha eile gur leagan liteartha de scéalta ó bhéal atá i gceist ná go ngéilleann údair don gcathú a thuilleadh grinn a thaoscadh anuas ar an ngreann a bhí ann cheana féin. Tá sampla de sin in 'The Friar's Tale' go mallachtaíonn an bhaintreach an friochtán a bhí ar intinn ag an seirbheálaí a thógaint uaithi, chomh maith leis an seirbheálaí féin sa tslí is go gcuireann sí ag eitilt in éineacht iad tríd an aer go hifreann. D'fhéadfaí a rá go saibhríonn mionsonra mar é an scéal. Ach, ar an dtaobh eile, is amhlaidh go gcuireann sé an chothromaíocht úd gur sainchomhartha na béalinsinte í as a riocht. Dob fhurasta a thuilleadh samplaí a thabhairt lena léiriú conas mar a láimhsíonn údair mar Chaucer an t-ábhar i gcomparáid le scéalaithe traidisiúnta mar Bhab,<sup>27</sup> ach toisc gur mian linn ár léitheoirí a spreagadh chun 'The Friar's Tale' a léamh dóibh féin, is leor sin.

Is léir, pé scéal é, go luíonn insint Chaucer le dearcadh *courtier* ó Shasana na Meánaoise, díreach mar a thagann insint Bhab le tuiscint na mban Éireannach ós na glúinte atá imithe romhainn. Ní rófhada ó shin a d'fhéadfadh tiarnaí talún gan taise nó a n-aibhéardaithe neamhthrócaireacha tionóntaithe bochta a chaitheamh amach as seilbh gan cur ná cúiteamh mura n-íocfaí an cíos go tráthúil. Cé go bhfuil sé luaite ag Chaucer gur baintreach í an bhean ar deineadh éagóir uirthi, ní foláir ceann a thógaint de go bhfuil bá agus tuiscint ar leith ag Bab don bhean de bharr í féin a bheith ina baintreach. Ní raibh aon chosaint ag bean dá leithéid ach amháin neart na teangan. Agus ar ámharáí an tsaoil, 'níl aon rud is géire ná mallacht baintrí agus is seanfhocal é', faoi mar a dúirt Bab. Is ar éigean a rithfeadh sé le haigine fir, lenár linn féin fiú amháin, sonraí dá leithéid a chur isteach sa scéal, gur toisc ná raibh a aghaidh nite i gceart ag an ngarsúinín a chuirfeadh a mháthair mallacht air. Toisc gur féidir a chruthú ar bhonn béaloidis nárbh é Chaucer a chum an scéal, tugann sin cruthúnas dúinn gurbh ann dó sarar chum sé *The Canterbury Tales*.

### *Bab, leabhairíní mangaire agus ábhar irisí*

Is cinnte go bhfuil mórán de na scéalta atá faoin gceannteideal 'Scéalta Grinn' chomh hársa le 'An Báille Mór agus an Diabhal', nó níos sine fós. Is rídheacair a dhéanamh amach, áfach, cén coibhneas nó ceangal a bhí idir an traidisiún scríofa (lámhscríbhinní agus ábhar clóbhuailte) ar thaobh amháin agus an traidisiún béil ar an dtaobh eile, i scaipeadh na scéalta seo. Scéalta ó bhéal iad formhór acu ó thús, ach breacadh síos iad go minic sna Meánaoiseanna (agus roinnt acu fiú sa Chianaois Chlasaiceach). Tugadh saol úr dóibh ansin tré mheán na léitheoireachta nó ina measc siúd a mheabhraigh iad lena gclois á léamh os ard. D'fhéadfadh an próiséas úd tarlúint arís agus arís eile, de réir mar a bheadh fáil níos fusa ar ábhar lámhscríofa agus clóbhuailte araon, agus an litearthacht ag forbairt. Tháinig cnuasaigh ghrinn chlóbhuailte i mBéarla ar an bhfód i dtús na cúigiú aoise déag.

De réir mar a chuaigh foilseacháin mar sin i líonmhaire, ba mhínic a chuirtear scéalta ó sheanchnuasaigh isteach le scéalta nua. In aoiseanna a lean, cuireadh scéalta ó chnuasaigh dá leithéid i gcló in irisí agus i bpáipéirí nuachta arís agus arís eile. San am céanna bhí an sruth béil ag rith go neamhspleách. Agus an scéal amhlaidh, bheadh sé geall le dodhéanta stair agus bunús na scéalta grinn i stór Bhab a rianadh, agus ní thabharfar faoi anseo. Mar sin féin, is fiú leaganacha de scéalta grinn Bhab a chur i gcomparáid le leaganacha a cuireadh i gcló i leabhairíní grinn agus in irisí. Ar an gcéad dul síos, is féidir a léiriú go bhfuil blas an pháir – más é sin a mbunús – imithe in éag ó scéalta Bhab. Léiríonn scéalta grinn i mbéal na ndaoine faoi mar a bhíonn siad ag Bab agus leaganacha i leabhairíní mangaire agus in irisí, nach mbacann scéalaithe traidisiúnta leis an dteagasc mórálta neamhbhalbh a bhíonn chomh mór i réim sna foinsí clóbhuailte. Tógaimis mar shampla leagan den scéal '*Thief, Beggar, Murderer*' mar atá sé in *A Hundred Merry Tales* (nó *The Shakespeare Jest Book* mar a thugtar air uaireanta). Is é deireadh an scéil sin:

*By this you may learn that those who come to people seeking something for themselves must first endeavor to deal with such matters that concern the people whom they approach.*<sup>28</sup>

Ina ionad sin, ligean Bab don scéal labhairt thar a cheann féin, agus fágann sí faoina héisteoirí a mbrí féin a bhaint as, ar nós scéalaithe maithe eile.

### *Bab agus James Joyce*

Is ábhar móriontais é go bhfuil aon bhaint ag scéalta Bhab le staidéar ar Joyce, ach tá! Insíonn an staraí ealaíne Francach Louis Gillet dúinn ina leabhar *Stèle pour James Joyce* mar a tharla dó go luath tar éis dó *Fiche Blián ag Fás* le Muiris Ó Súilleabháin a léamh san aistriúchán Béarla.<sup>29</sup> Chuir Gillet in iúl do Joyce an taitneamh a bhain sé as an leabhar. Mar fhreagra air d'inis Joyce scéal dó (i bhFraincís de réir dealraimh), a chuala sé ó chara leis, eitneagrafaí agus nádúraí a chaith tréimhse ar an mBlascaod. Bhain scéal Joyce le hoileánach a cheannaigh scáthán póca ar thuras dó chun na mórthíre, agus a cheap gur pictiúr dá athair a chonaic sé ann. Nuair a d'fhéach a bhean chéile isteach sa scáthán, áfach, cad a chífeadh sí ann ach bean, agus mheas sí gur pictiúr de leannán luí a fir a bhí ann. Chaith sí uaithi an scáthán le teann feirge agus dhein smidiríní de.<sup>30</sup>

Is féidir glacadh leis go raibh níos mó in aigne Joyce leis an scéal a insint ná an smaoineamh go ndéanann gach duine a léamh féin ar leabhar. Gan dabht níor chuaigh moladh Gillet ar *Fiche Blián ag Fás* i bhfeidhm air, agus ba é a thuairim go raibh breall ar Gillet, díreach mar a bhí ar na carachtair i scéal an scátháin. Is é an léamh a bheadh ag Joyce ar shaothar Mhuiris Uí Shúilleabháin gurbh íomhá mhaoithneach rómánsach dá thír í nach dtaitneodh leis. Ina mhórshaothar *The Irish Storyteller*, ina bhfuil suirbhé mionchúiseach ar an úsáid a bhaineann scríbhneoirí Éireannacha as ábhar béaloidis, díríonn Georges Dennis Zimmermann aird ar an '*peculiar picture of Joyce as a "traditional storyteller"*', faoi mar a thugann sé ar chuntas Gillet.<sup>31</sup> Luann sé go beacht gur tíopa scéil idirnáisiúnta é (ATU 1336A, *Not Recognizing Own Reflection*).<sup>32</sup>

Tá fáil ar an scéal i móran tíortha (go deimhin sna mór-ranna go léir seachas san Astráil) agus tá dhá scór leagan de ó chúigí uile na hÉireann áirithe ag Seán Ó Súilleabháin agus Reidar Th. Christiansen in *The Types of the Irish Folktale*.<sup>33</sup> Ar an mbonn sin, agus ag cur san áireamh nach raibh aon bhaint ag aon leagan Gaeilge a bhí ar eolas ag Zimmerman leis an mBlascaod, ba é a thuairim nár faoi mhuintir an Bhlascaoid in aon chor a chuala Joyce an scéal. Tugann Zimmerman ‘a common authenticating device’ ar an ‘cara’ a luann Joyce mar fhoinsé.<sup>34</sup>

Níl aon dabht go raibh sé ar chumas Joyce scéal traidisiúnta a chur in oiriúint dá chuspóirí féin le ráig ionsparáide. Mar sin féin, is féidir cás a dhéanamh nach raibh an scéal amhlaidh. Is fuirist scéal dá shórt a shamhlú le muintir an Bhlascaoid, toisc nach raibh mórán taithí acu ar shó agus ar shólaistí nua-aimseartha an domhain mhóir. Is mó cuairteoir go dtí an tOileán a thug aird ar sin, Robin Flower ina measc.<sup>35</sup> Léiriú eile ar a leithéid is ea eachtra John Millington Synge ina chuntas taistil *In West Kerry* mar a cheap na hOileánaigh gur ‘*naked people standing around in their skins*’ a bhí le feiscint sna grianghraif de dhealbha i ngáirdíní sa Fhrainc a bhí á dtaispeáint aige dóibh!<sup>36</sup> Ní haon iontas mar sin, go dtuillfidis cáil na saontachta. Níos tábhachtaí ná sin, áfach, tá a fhios againn anois, a bhuíochas do thaifeadtaí Bhab, go raibh an scéal á insint ar an mórthír i nDún Chaoin i raon radhairc na mBlascaodaí. Cé nár taifeadadh an scéal seo ó Bhab go dtí 2002, tá sé fréamhaithe go daingean i seanashaol na háite. Tagraíonn a hinsint don aistear trádála ime go Corcaigh fadó, rud atá luaite go minic i scéalta agus i seanchas an cheantair. Ní hionann le lánchruthúnas na comharthaí seo, ach nuair a chuirtear gach aon rud san áireamh, nach bhfuil an chuma ar an scéal go raibh an Blascaod luaite sa scéal a chuala Joyce?

Pé dearcadh a bheadh ag duine ar an gceist, tá tréithe aestéitiúla in insint Bhab den scéal nach bhfuil le brath in insint Joyce. Caithfear a chur san áireamh go mb’fhéidir nach dtugann Gillet a cheart do insint Joyce. B’fhéidir nach dtugann Gillet ach creatlach an scéil. Mar sin féin, tá an chuma air nach mbeadh an

lá le Joyce i gcomórtas scéalaíochta le Bab. Tá sé le tabhairt faoi ndeara nach raibh ach beirt charachtar in insint Joyce, seachas triúr faoi mar atá i mórchuid de na leaganacha béil. B'fhéidir gur fhág Joyce an triú duine ar lár d'aonghnó (is léir nach raibh gá leis chun a chás a chruthú) nó b'fhéidir nach raibh an triú duine sa leagan ar theagmhaigh sé leis i dtús báire?

Tugann Zimmermann dhá leagan Éireannacha den scéal i mBéarla, ceann ón iris *Ireland's Own*, agus ceann eile a bailíodh ón dtraidisiún béil i Loch Garman i 1938.<sup>37</sup> Is dea-insintí iad araon, cé nach bhfuil trí charachtar ach sa chéad scéal acu. Is é an réiteach cliste a thugtar sa leagan sin ná gur comharsa ceannathóir an scátháin a dhearbhaíonn go daingean gur pictiúr de féin atá ann – agus coimeádann sé an scáthán dó féin ar an mbonn sin! Fós féin, nach fearr go mór an réiteach fíor-Éireannach atá in insint Bhab; go n-iarann an lánúin ar an sagart paróiste idirghabháil a dhéanamh dóibh, agus go ndearbhaíonn sé siúd go húdarásach gurbh é a réamhtheachtaí a bhí ann. Is dócha nach í Bab a chum an méid sin, ach tá sé ar cheann de na mionsonraí a thugann údarás agus greann dá leagan.

Má bhí leagan Bhab chun cinn ar leagan Joyce ó thaobh ábhair de, tharlódh go dtabharfadh daoine áirithe an chraobh do Joyce ó thaobh cur i láthair de. Tugann Gillet tuairisc ghlé dúinn ar an aithriseoireacht a bhí á dhéanamh ag Joyce le hiomlán a choirp, ag ligint air go bhfaca sé an scáthán roimis amach, agus mar sin de. Is cóngaraí go mór léiriú mar é do *'Dublin pub histrionic or music-hall acts rather than the usually static rural storytelling mode'*, mar a shonraíonn Zimmerman go cruinn ceart.<sup>38</sup> Ach, má bhí Bab gan mórán corraí coirp aisti, ba iad an t-anam ina súile agus tuín a gutha san insint a bhog an scéal ar aghaidh go beoga.

Pé scéal é, tá an chuma air gur léiriú cleachtaithe seachas léiriú as féin a d'airigh Gillet. Dealraíonn sé gur bhain Joyce feidhm as an scéal cheana ar chúiseanna dá shórt chun scig a dhéanamh ar scríbhneoirí mar Synge lena ndearcadh athbheochanúil antraípeolaíoch, seanársaíoch, dar leis. Go deimhin, faoi mar

a léiríonn Zimmerman, ba mhínic a bhaineadh Joyce feidhm as siombal an scátháin chuige sin,<sup>39</sup> ar shlí a thugann leid go raibh cur amach aige ar scéal an scátháin cheana. Ba i 1903 a thug *'that scoundrel Synge'*, mar a ghlaigh Joyce air, turas ar an mBlascaod. Dá bhrí sin, is ar éigean gurbh é Synge an t-eitneagrafaí a 'd'inis an scéal dó'. Tharlódh, mar sin féin, gur ar Synge seachas ar Mhuiris Ó Súilleabháin ba mhian leis a aoir a dhíriú.

### *Dearcadh domhanda agus taithí saoil an scéalaí*

Tá léiriú á thabhairt san fhoilseachán seo ar na feidhmeanna a d'fhéadfaí a bhaint as seanchas Bhab i staidéar na teanga agus na litríochta. Teastaíonn uainn, chomh maith, iarracht a dhéanamh rogha scéalta agus míreanna traidisiúnta a sholáthar a d'fhéadfadh léargas a thabhairt dúinn ar na háiteanna, na hócáidí agus na cruacheisteanna a mhúnlaigh dearcadh Bhab ar an saol agus a chruthaigh an scéalaí eisceachtúil inti. Roghnaíomar samplaí de shaghsanna éagsúla scéalta agus seanchais a bhí gann nó nach raibh in aon chor inár gcéad chnuasach chun na spriocanna sin a bhaint amach.

### *Na chéad chuimhní ag Bab, an tigh inar tógadh í, agus traidisiún a muintire*

Cuirimid tús lenár gcnuasach leis an bpaidir chianaosta a deirti le linn don tine a bheith á coigilt, agus leanaimid leis an rann aorach faoi na bailte fearainn i nDún Chaoin. Tá cur síos ina dhiaidh sin ar an seanathigh feirme ceann tuí inar chaith Bab a hóige go dtí 1940, sarar bhog an chlann isteach i dtigh slinne compordach nua-aimseartha dhá urlár. Tógaimis an chuimhne is sia siar i gceann Bhab – ag bualadh leis an gcailín beag a d'fhill ó Mheirice, an t-iontas a bhain lena cuid éadaigh, agus na sceitimíní a bhí uirthi nuair a bhí grianghraf á thógaint. Ansan éistimis le tuairimí Bhab agus í óg ag cúléisteacht le comhrá na seanabhan a bhí cruinnithe cois tobair ar an mbaile. Léirítear tionchar na dturasóirí ar Bhab agus í ina déagóir, sa chur síos ar an dturas éachtach a thug sí ar an mBlascaod. Buailimid le cuid

de mhuintir an Oileáin, agus faighimid tuairim san eachtra sin dá siamsa, dá mórfhéile agus dá gcaidreamh le míntirigh agus le turasóirí.

### *Gaolta agus comharsain*

Bhí an scéalaíocht sa dúchas ag Bab ar an dá thaobh. Ba bheag caitheamh aimsire nua a bhí ann le linn óige Bhab, agus dá réir sin bhí na daoine ag brath orthu féin chun siamsaíochta. Ní haon ionadh, mar sin, go mbailíodh an oiread sin daoine cois teallaigh na nGuithíneach ag éisteacht le scéalta a bhíodh á n-insint de shíor ann, agus a d'insítí le hardéirim agus le líofacht. Ach ní ar son na scéalta amháin a théadh daoine ag bothántaíocht go muintir Ghuithín. Aithníodh go forleathan go raibh sé ar cheann de na háiteanna ina bhféadfaí éisteacht leis an gcomhrá ba dheisbhéalaí agus ba shiamsúla sa pharóiste agus, go deimhin, níos sia ó bhaile. Ní beag mar mhaíomh a leithéid i ndúthaigh a bhí ar maos le cainteoirí a raibh a n-ainm in airde as a gcumas neamhghnách chun iad féin a chur in iúl go healaíonta, le líofacht agus le hanamúlacht, cuma cén t-ábhar a bheadh sa treis acu. Ba dhual do Bhab an bua úd a bheith ó dhúchas aici, mar bhí ar a cumas cur síos a dhéanamh ar an eachtra ba neafaisí le barr gléine agus grinn, sa tslí is go gcuirtí lúcháir ar an gcomhlúadar ar fad. Bhí an bua ardoilte cainte úd aici chomh maith le sárscil chun aithris a dhéanamh ar ghuthanna is ar gheáitsí dhaoine go mínósach ach gan a bheith riamh mailíseach. Ardeiseamláir í de chultúr sároilte béil ar bheag é a mhacasamhail lasmuigh den saol Gaelach in Éirinn. Ábhar díospóireachta é i dtaobh a leithéidí siúd de dhaoine, an amhlaidh gur ardscéalaithe iad toisc gur dea-chainteoirí iad, nó gur ardchainteoirí iad toisc gur dea-scéalaithe iad, ach is cinnte go raibh mórán de mhuintir Chorca Dhuibhne nár scéalaithe iad, ach fós a raibh líofacht ar leith acu, iad dea-chainteach, luathbhéalach. Bhí na comharsain a thugadh cuairt istoiche ar thigh Bhab is Shéamuis, mar a bheadh ceoltóirí oilte i gceolfhoireann, ach ba í Bab a sheinn an chéadfhidil.

Ó ráiteachais lucht bothántaíochta agus óna ngníomhartha

a fuair Bab bunábhar scéilíní gan teorainn. Bhí leasainmneacha ar a bhformhór acu, de réir ghnás na linne. Ina measc bhí Seán Ó Conchúir, 'John Connor' nó 'Charlie', mar ab fhearr aithne air, áilteoir áitiúil ó Cheathrú an Fheirtéaraigh. Bhí cónaí air in áit ar baisteadh '*Checkpoint Charlie*' le greann uirthi, toisc go raibh sé ina gheatóir do Bhaile an Scannáin le linn don bpictiúr *Ryan's Daughter* a bheith á dhéanamh. Nuair a bhíodh an t-airgead aige thugadh sé turas ar Thigh Kruger, an tigh tábhairne áitiúil. Bhuaileadh sé isteach go tigh na bhFeiritéarach ar a shlí ann, agus ba mhinic é chucu ar a shlí abhaile chomh maith. Cé nach raibh ann ach firín beag, bhí sé tuairimiúil de féin, agus mórtasach as a mháistreacht féin ar a theanga dhúchais. Ba mhinic é i muinín dianallagair sa tigh tábhairne faoin gceist cé acu ab fhearr Gaelainn an Bhlascaoid Mhóir nó Gaelainn a bhaile féin. Ní hiontas gur aige a bheadh an focal deireanach, mar ba aige a bhí an bonnán gutha, gur mhór an cúnaimh dó é, dar leis, agus duine á chur féin in iúl i nGaelainn. 'Má labhrann tú Gaelainn,' a deireadh sé, 'ba cheart duit labhairt ard, soiléir, fé mar a bheadh fearg ort!' Cé go mb'fhéidir go mbainfeadh a mheon móraigeanta agus a chaint údarásach geit astu siúd ná beadh aithne acu air, b'fhear cneasta mórchroíoch i ndáiríre é a ghealaigh an lá dá chomharsain.

Fear eile a chothaigh cuideachta go leanúnach do mhuintir Dhún Chaoin, agus ar thaitin le Bab cur síos a dhéanamh ar eachtraí agus ar bhearta a bhain leis, ab ea 'Kruger', óstóir agus tábhairneoir cáiliúil. Muiris Caomhánach a ainm ceart, ach baisteadh an leasainm ar scoil air le linn do na leanaí a bheith ag aithris ar Chogadh na mBórach, agus páirt cheannasaí na mBórach á ghlacadh aige féin. (Dála an scéil, ba é Muiris Ó Scanláin, '*An Colonel*', mar a tugadh air, a bhí mar chéile comhraic aige sa chluiche úd, agus ba mhinic é siúd i dtigh na bhFeiritéarach.) 'Ní fhéadfá riamh ainm Kruger a lua gan gáire a dhéanamh,' a dúirt Breandán, mac Bhab, uair. Go deimhin, b'ábhar gáire mórán a bhain leis, mar shampla, a mhéiseáil le hinnill, gluaisteáin agus fearais nua-aimseartha theicniúla, agus a bhóisceáil faoina ghníomhartha gaisce i Meirice. Deireadh



sé go raibh sé ina gharda cosanta ag Al Capone, agus go raibh ainnireacha aghaidhsciamhacha agus ban-aisteoirí gan áireamh, mór leis. Mar dhearbhu air sin, bhí pictiúirí inscríofa de chuid acu siúd – *To Kruger from Mae West*, agus mar sin dó – ag maisiú a thí aíochta i nDún Chaoin. Tá sé ráite gur spreag na pictiúirí úd áilteoir éigin chun *To Kruger from God* a scríobadh faoin bpictiúr den gCroí Ró-Naofa. Bhíodh daoine ag magadh chomh maith faoin ngrianghraf ina raibh Kruger agus de Valera ina seasamh agus pictiúr de Phódraig Mac Piarais eatarthu, ag tabhairt ‘Críost idir Bheirt Bhithiúnach’ air! Ní raibh Kruger gan lucht a cháinte, a mheas go raibh sé bladhmánach, ach má bhí féin, ba ghreannmhar a bhí sé seachas é bheith gráiniúil, agus bhain mórán de na scéalta leis an seiftiúlacht agus leis an bhfiontraíocht a bhí sa dúchas aige. Ba mhór a cháil i measc mhuintir Dhún Chaoin, agus dá bharr sin is cuí é siúd agus *Charlie* a bheith roghnaithe mar eiseamláirí de na comharsain ar bhreá le Bab trácht orthu.

### *Na comharsain ón saol eile*

Bhí comharsain ag muintir Dhún Chaoin seachas iad a bhí i gcaidreamh go rialta agus go follasach leo, is é sin, iadsan a bhí folaithe de ghnáth ar shúile na ndaoine, na neacha neamhshaoilta ar tír is ar toinn, na daoine maithe, síoga, murúcha agus a ngaolta, chomh maith leis an ndiabhal féin agus ainsprideanna eile. Cé gur chreid Bab go bhféadfadh eachtraí mistéireacha agus tuarúla tarlúint, níor ghéill sí puinn do neacha ná cumhachtaí osnádúrtha. Thuig sí go maith, áfach, a thábhachtaí agus a bhí an creideamh úd i saol na ndaoine. Bainimid an ceann den roinn ar an osnádúr le scéilín faoi bheirt fhear dhaonna ar a tugadh ‘*Fairy*’ agus ‘*Púca*’, (a léiríonn a chaoile is atá an teorainn idir nádúr agus osnádúr). Scéal grinn é sin faoin mbaol a shamhlaití le bualadh leis an mbeirt úd. Ach tá scéalta eile sa roinn seo faoin mórghaol a ghabhann le fuadach daoine daonna ag an lucht sí. Léiriú na scéalta úd ar an speis ar leith a chuir Bab i gcúrsaí clainne agus pósta.

## Gaelainn agus Béarla

Ba mhó duine le dhá ghlúin nó trí siar i muintir Bhab nach raibh aon Bhéarla acu, faoi mar a bhí in áiteanna eile i gCorca Dhuibhne agus ar na Blascaodaí. Agus é ag tagairt do Mháire Ruiséal, seanaintín Bhab ónar fhoghlaim sí cuid dá scéalta, deir Heinrich Wagner '*she did not understand any English at all...*'.<sup>40</sup> Luaigh Bab chomh maith nach raibh aon Bhéarla gurbh fhiú trácht air ag a hathair críonna, ná ag a beirt uncailí. Is léir go mbeadh deacrachtaí ag a leithéidí plé leis an saol lasmuigh, i mbailte aonaigh agus siopaí. Bheadh an scéal níos measa fós acu dá raghaidís ar imirce go Meirice nó go tíortha eile thar lear. Bheadh orthu, mar sin, Béarla a fhoghlaim, agus bhain stádas nach beag leis an dteanga sin a bheith acu i súile chainteoirí Gaelainne na seanaghlún. Duine díobh siúd a bhí bródúil as a chuid Béarla dob ea athair Bhab. Ba é an t-aon duine sa tigh a raibh ar a chumas cúnamh a thabhairt do Bhab lena hobair bhaile. Mar a dúirt Bab, 'ba chuma leis go nglaofaí John nó Johnny air, seachas Seán'. B'ait leis go dteastódh óna iníon go mbeadh an t-ainm Seán Ó Guithín ar fhearsaid na cairte seachas *John Guiheen* mar ba mhaith leis féin. 'Cheap sé,' a dúirt Bab, 'gurbh éirí in airde a bhí fúmsa toisc gur theastaigh uaim an ainm a chur as Gaelainn, agus ní hea, mar níor smaoiníos-sa ar aon Bhéarla'.<sup>41</sup> Tharlódh nach é mórtas as a chumas teanga amháin ba bhun le rogha Sheáin a ainm a bheith i mBéarla. Sa chéad áit, tá gach cosúlacht ann go raibh aithne air faoina ainm Béarla, agus sa dara háit, is dóichí nach mbeadh ar a chumas a theanga dhúchais a scríobh, fiú chomh fada le 'Seán Ó Guithín' a litriú. Ar aon nós, cruthaíonn an eachtra a nádúrtha is a bhí sé ag Bab go mbeadh gach aon ní i nGaelainn. Bhí sí mórtasach as a teanga dhúchais, agus ba cheart, dar léi, go bhfaigheadh sí tús áite i gcaitheamh a saoil. Labhair sí agus léigh sí Béarla le líofacht, ach ba mhinic a thagraíodh sí dá doicheadall roimh Bhéarla a labhairt, ach amháin má bhí géarghá leis. Ba mhinic a chloistí í ag rá go gcuireadh sé tuirse uirthi Béarla a labhairt, agus deireadh sí mar mhagadh gur ghá di suí síos ag labhairt

an Bhéarla di. Agus í ag plé le lucht siopaí an Daingin agus in áiteanna eile ní chasadh sí ar an mBéarla go dtí go mbíodh sí cinnte nach raibh aon dul as aici. Aon uair a thagadh strainséir go béal a dorais ag lorg eolas na slí i mBéarla, mar a tharlaíodh go minic, d'fhreagraíodh sí go fonnmhar sa teanga sin é dá mbeadh sí istigh ina haonar. Ach más amhlaidh a bhí duine le Gaelainn farae, fiú foghlaimeoir le cúpla focal, d'imríodh sí cluiche. Ligeadh sí uirthi nár thuig sí an cheist, loirgíodh sí aistriú ar a compánach, d'fhreagraíodh sí i nGaelainn, agus d'iarradh sí air arís é a aistriú ar ais go Béarla ar mhaithe leis an strainséir a chuir an cheist i dtús báire. Thaitin an cluiche seo go mór léi.

Nuair a chuirtear a grá díongbhailte don teanga san áireamh, is fuirist a thuiscint an meas mór a bhí aici ar dhán Thomáis Chríomhthain faoi uaisleacht na Gaelainne (uimh. 16). Ba mhór léi chomh maith an scéal ina bhfaigheann Gaeilgeoir an lámh in uachtar ar bhraigléir gairg an Bhéarla (uimh. 17), nó an scéal inar chuir bean fear céile míthuisceanach ina thost le cúpla focal i mBéarla briste (uimh. 19). Bhí áthas an domhain uirthi i dtaobh an scéil inar bhain beirt chearrbhach le Gaelainn feidhm as a scil teanga chun a chuid airgid ar fad a scuabadh ó Bhéarlóir aonteangach (uimh. 18). Deintear scigmhagadh faoin bhfuaimniú mórmheasúil agus faoin gcaint ghalánta, prioctha suas i Meirice ag imirceoir a bhí tar éis filleadh abhaile (uimh. 20).

### *Stair agus tíreolaíocht i scéalta Bhab*

Baineann suntas agus tábhacht ar leith i dtimthriall na bliana leis na laethanta cinn ráithe, Lá Fhéile Bríde, Bealtaine, Lúnasa agus Samhain, agus le laethanta saoire eaglasta móra chomh maith. Baineann mórán seanchais leis na hócáidí seo ar fad agus ba mhór an cur amach a bhí ag Bab ar a leithéid. Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an 11ú Feabhra, Lá 'le Gobnait i nDún Chaoin. Naomhphátrún an pharóiste í. Is comharthaí buana iad an Chill Mhór leis an gcloch chroise agus Tobar Ghobnait don ndeabhóid a bronnadh uirthi, agus deintear an turas ina honóir i gcónaí.

Is fiú a lua gur filí iad morán de na pearsantachtaí i mbéaloideas Chiarraí. Ar ndóigh, chuir Bab – a chum filíocht í féin – suim mhór sa traidisiún filíochta seo, agus bhí morán Éireann dánta agus amhrán de ghlanmheabhair aici. Ba é an file áitiúil Piaras Feiritéar (1600?-1653) ba cháiliúla i mbéaloideas Chorca Dhuibhne, taoiseach a throid ar feadh i bhfad in aghaidh arm Chromail, go dtí gur gabhadh ar deireadh é, agus crochadh go fealltach i gCill Airne é i 1653. Bhí ardmheas air ós rud é go bhféadfadh sé véarsaí a chumadh i gcaochadh na súl agus toisc go mbuaileadh sé bob ar a naimhde le cleasa cliste. Chabhraigh an fothrach caisleáin ó ré na Normánach i nDún an Óir agus Scairt Phiarais – an uaimh iargúlta ar an mBlascaod, a deirtear faoi go raibh sé ar a theitheadh ósna Sasanaigh ann – lena ainm agus a ghníomhartha gaisce a bhuanú i gcuimhne na ndaoine. Cuid de sheanchas Bhab faoin laoch seo is ea uimh. 23-25.

Cé nach raibh aon bhaint dhíreach acu le Dún Chaoin, bhí na filí clasaiceacha ó Chiarraí, Aogán Ó Rathaille (1670-1728) agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748-82) go mórthaibhseach sa bhéaloideas ann. Tá scéal faoi Eoghan Rua ar mhór le Bab a aithris in *Ó Bhéal an Bhab*.<sup>42</sup> Díreach mar Phiaras Feiritéar léirítear Aogán Ó Rathaille agus Eoghan Rua Ó Súilleabháin mar laochra náisiúnta, ag cosaint na nGael agus na Gaelainne i gcoinne na Sasanach agus an Bhéarla. Murab ionann agus Piaras, áfach, ní léirítear mar uaisle iad, ach mar réicí agus mar rógairí a bhíodh ag síormhagadh faoi na húdaráis agus ag bualadh bob ar lucht an rachmais agus an nirt lena gcleasa cliste. Níor bhain formhór na scéalta a insíodh faoi Aogán agus faoi Eoghan leo i dtús báire. Bhíodar á n-insint faoi mhórán cleasaithe eile laistigh agus lasmuigh d'Éirinn na céadta nó fiú na mílte bliain rompu. Sampla de sin an scéal faoi Aogán Ó Rathaille agus An Ceannaí Glic (uimh. 26). Cumasc atá ann de dhá scéal traidisiúnta a bhí forleathan in Éirinn agus níos sia ó bhaile, faoi bhob a bhuaill fear tuaithe ar cheannaí glic. Insint eile ar scéal ársa atá san Ind, agus in áiteanna eile, is ea an tarna scéal a thráchtann ar an saoi a chum an cluiche fichille, agus a d'éiligh mar luach a shaothair gráinne arbhair don chéad chearnóg ar an gclár, dhá cheann

don tarna ceann, ceithre cinn don tríú ceann, agus dúbailt dá réir ar gach cearnóg as sin amach, go dtí go raibh aithreachas mór ar an *maharaja* a bhí thar a bheith toilteanach géilleadh don éileamh i dtús báire, mar nár leor a raibh d'arbhar san Ind ar fad chun an saoi a chúiteamh.

Is léir gur cuireadh leagan Bhab den scéal in oiriúint go hiomlán don suíomh Éireannach. B'fhuirist dúinn a shamhlú gurbh eachtra é a tharla ar aonach an Daingin. Go deimhin is fíor a leithéid faoi scéalta i mórán de na ranna eile anseo. Pé áit as a dtánadar is annamh a bhíonn aon leid iontu a léireodh go dtarlaíodar in aon áit eile seachas in Éirinn, agus tá baint ag cuid acu go díreach le Ciarraigh agus le Ciarraí.

Chonaic Bab níos mó de thalamh na hÉireann ná mar a dhein glúinte ban Dhún Chaoin roimpi – Peig Sayers, mar shampla, nár chuaigh lastoir de Thrá Lí ach uair amháin nuair a chaith sí cúpla seachtain in ospidéal i mBaile Átha Cliath. Ba mhinic Bab i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus áiteanna eile a bhuíochas dá rannpháirtíocht i seisiúin scéalaíochta an Oireachtais agus eile. Thugadh sí cuairt ar a muintir lasmuigh de Chorca Dhuibhne chomh maith. Mar sin féin, is ainmneacha a bhaineann le bailte fearainn, paróistí agus áiteanna eile laistigh de theorainn a contae dúchais, agus laistiar den nDaingean fiú, formhór mór na logainmneacha i scéalta Bhab. Ar an mbeagán eisceachtaí tá Corcaigh (i gcomhthéacs thrádáil ime na gCiarraíoch sa chathair sin, uimh. 36), Cill Airne (*en passant*, mar áit dhúchais ag cailín a thug cuairt ar Dhún Chaoin, uimh. 10), agus Gaillimh (an contae seachas an chathair, i scéal a léirítear í mar áit ina dtarlaíonn rudaí greannmhara, uimh. 39). Féach an léarscáil, lch. 43. Ní luaitear ach dhá thír lasmuigh d'Éirinn, Sasana (i scéalta ina léirítear na Sasanaigh mar naimhde traidisiúnta), i scéal faoi Phiaras Feiritéar agus i scéal faoi Dhónal Ó Conaill, (uimh. 25 agus 28) agus na Stáit Aontaithe (i scéalta faoi Éireannaigh atá tagtha abhaile ón dtír sin, uimh. 17 agus 20).

Bhain seanamháthair Bhab agus a deirfiúr leis an nglúin ar ghaibh a dtuismitheoirí tré uafás an Ghorta Mhóir. Ní haon

iontas mar sin, go bhfeicfí an tubaist seo tré shúile na ndaoine agus go bhfuil an seanchas seo níos réalaí agus níos inchreidte ná na scéalta a bheadh luaite le pearsain stairiúla mar iad atá luaite thuas. Sa scéal faoi Bhríde (uimh. 27, a taifeadadh i 2005) chímid go soiléir an bhaintreach bhocht bhreuite ón gCom a bhí cailte leis an ocras, agus corpán an linbh dheiridh dá hál, ceangailte le téad dá muinéal, agus í ag sileadh léi ar a slí go reilig Bhaile an Teampaill, agus as sin siar tré Bhaile an Ghleanna, mar ar dhein bean thrócaireach de mhuintir de Mórdha ‘trí nó ceithre phráta’ a róstadh di i dtreo is nach bhfaigheadh sí bás den ghorta. Ach ná cuireadh an chuma chruinn bheacht atá ar an gcur síos úd dallamhullóg orainn. Ní tuairisc fhírinneach oibiachtúil í. I leagan eile, a taifeadadh i 1998 deir Bab gur thug an bhean ‘sé cinn de phrátaí’ (ní ‘trí nó ceithre cinn’ faoi mar a bhí sa leagan ó 2005) do Bhríde – agus deir sí chomh maith gur ghoid sí óna fear céile iad. Is beag de dhifear é sin, b’fhéidir, agus d’fhéadfaí a rá gur chuma faoin ainm chomh maith, cé acu ‘bean de mhuintir de Mórdha’ nó ‘Nóra de Londra’ (faoi mar atá in insint eile) a thagraítear don bhean fhlaithiúil sa scéal. Ar aon nós, léiríonn na sonraí éagsúla úd, gur ealaíontóir cruthaitheach í an scéalaí. Ní hí an fhírinne ghlan is tábhachtaí, ach go gcuirfí cuma na fírinne in iúl le feidhm a bhaint as sonraí coincréiteacha. Thar aon ní eile, is ar éigean a dúirt Bríde Liath na focail a cuireadh ina leith, go raibh sí buíoch gurbh í a hiníon seachas na prátaí a cuireadh. Tá fianaise ann go raibh an scéal céanna i dtraidisiún na ndaoine le fada, agus an ráiteas curtha i mbéal ban eile seachas Bríde. Ina ainneoin sin – nó b’fhéidir mar gheall air sin – is cinnte go dtugann eachtra Bhríde Liath pictiúr níos gléine d’uafás an Ghorta dúinn ná mar a thabharfadh aon scéal dá oibiachtúla. Chuaigh cás crua Bhríde i bhfeidhm go mór ar a gaolta i Meirice, agus chuireadar leac cuimhneacháin sa tseanatheampall mar a bhfuil a leanaí curtha.

Thar aon phearsa stairiúil eile is é Dónal Ó Conaill is beoga a mhaireann i mbéaloideas na hÉireann, agus faoi mar a bheifí ag súil leis, ba mhó a réim i gCiarraí, a chontae dúchais. Níorbh aon eisceacht é Dún Chaoin. Mar shampla, d’eachtraigh Mícheál Ó

Gaoithín, mac Pheig Sayers, ocht gcinn de scéilíní faoi Dhónal in aon tráthnóna amháin.<sup>43</sup> Bhí roinnt mhaith de na scéalta seo ar eolas ag Bab. Tráchtann a bhformhór ar scil Dhónail mar dhlíodóir, ag cosaint chearta daoine a raibh coir bhréige curtha ina leith, bochtáin faoin dtuath go speisialta. Baineann roinnt scéalta eile lena éachtaí agus ráiteachais sa Phairlimint i Londain. San eachtra atá roghnaithe don chnuasach seo (uimh. 28) tugann Dónal gonc go hathúlta don Sasanach mná a dhein fonóid faoina shleamhnú ar shráid i Londain. Is í seo an eachtra is coitianta a insítear faoi Dhónal. Lena chois sin taispeánann sé nárbh aon duine ceartaiseach i Bab dá ceansa í.

Laoch agus tírghráthóir a casadh ar Bhab agus a raibh ardmheas aici air ab ea Éamon de Valera. Tá cuid de na scéalta faoi gach pioc chomh hapacrafúil leo siúd a eachtraítear faoi Dhónal Ó Conaill, ach is é atá anseo againn ná cuimhne ó óige Bhab ar thuras de Valera go Dún Chaoin (uimh. 29). Is ann a chloisimid mar a d'fhéar sí féin agus leanaí eile na fáiltí geala roimhe. Leantar le scéal fantaiseach, go raibh amhras éigin ar Bhab faoina fhírinne. Baineann sé lena haintín, an scéalaí Máire Ruiséal, a raibh cáil bhean feasa agus leighis uirthi. Bhain sise feidhm as a cumhacht chun mac breoite de Valera a leigheas.<sup>44</sup> Ba rúndiamhrach go maith an tslí inar chuir Máire an leigheas i bhfeidhm. Cheangail sí eireaball madra le sífín, bhuail sí an madra chun go staithfeadh sé ón rúta é, agus le cóir bhreise (beiriú, b'fhéidir) thug sí don othar é. Nach iontach an scéal é gur traidisiún léannta meánaoiseach faoin *mandragora*, nó an rúta *mandrake* atá mar bhonn leis seo.<sup>45</sup>

### *Seanscéalta Iontais agus Seanscéal Rómánsúil*

Sa roinn a bhaineann leis na seanscéalta fada draíochta agus rómánsúla tá ardinsintí ó thaifeadtaí RTÉ Raidió na Gaeltachta ar na scéalta 'Triúr Iníon na Baintrí' (uimh. 31) agus 'Na Trí Chomhairle' (uimh. 32) anseo againn. Léiríonn siad báidhiúlacht Bhab leis an mbochtán, agus tá dearcadh bhean an fheirmeora le brath go láidir orthu.

### *Scéalta Grinn*

Mórthréith Bhab an t-ardghreann a bhí inti. D'fhéadfadh sin a bheith breac le haoir, go háirithe nuair a bheadh cur i gcéill, móiréis nó amaidí i gceist, ach ní raibh sí riamh nimhneach ná mailíseach. Ní haon iontas mar sin go bhfuil scéalta grinn go láidir i mála Bhab, agus tá lán na laidhre díobh istigh anseo againn. Tá cuid de na scéalta seo go forleathan ar fud na hÉireann, ach is iontach a dhoimhne atáid fréamhaithe i dtimpeallacht Bhab fhéin. Thaitin léi chomh maith na scéalta seo a insint ag mórtionóil, agus chuadar i bhfeidhm ar a lucht éisteachta mar is léir ón mbeocht ar leith agus na gáirí geala atá le clos sna taifeadtaí a deineadh ar dhá ócáid scéalaíochta acu sin, Éigse Dhún Chaoin i 1986 (uimh. 9,10,11) agus i gColáiste Mhuire gan Smal, Ollscoil Luimnigh i 1993 (uimh. 19, 20, 39).

### *Scéalta cráifeacha*

Téann meon Bhab i bhfeidhm chomh maith céanna ar na scéalta cráifeacha agus finscéalta ar na naoimh, gur gné shuaithinseach dá stór iad. Cé gur tharla an scéal 'Mac na hÓighe Slán' (uimh. 41) sa Talamh Naofa, agus go deimhin cé nárbh ó Chiarraí do Naomh Pádraig ná Naomh Bríd (uimh. 42 agus 44), cuireann Bab an oiread sin muintearais agus dlúthchaidrimh ina scéalta cráifeacha, go n-éiríonn lena héisteoirí páirt a ghlacadh sna gníomhartha agus sna mothúcháin, amhail is go mbeadh gach aon rud ag tarlúint os comhair a súl amach.

### *Orthaí agus paidreacha na ndaoine*

Nochtann na horthaí agus na paidreacha an creideamh simplí, maorga, díocasach agus fíorchorraitheach a bhí ag fir agus mná i gCríost, sa Mhaighdean Mhuire, sna Naoimh agus sna hAspail le sinsearach. Is léiriú iad ag an am céanna ar na haicídí agus na gearáin a raibh muintir na Gaeltachta a d'iarraidh leigheas orthu, chomh maith leis an imní, an buaireamh agus na contúirtí a gcaithidís dul i ngleic leo ar muir is ar tír.



### *Focal scoir*

Tá roinnt slite ina bhféadfaí feidhm a bhaint as an bpacáiste seo léirithe go dtí seo againn. Mar sin féin, dóibhsean ná beadh ródhírthe ar chanúint Chorca Dhuibhne, nó nach dteastódh uathu diantochras a dhéanamh ar aigne an scéalaí le tumadh go doimhin i bhfoinsí nó i gcosúlachtaí idir leaganacha éagsúla, nó riastáil a dhéanamh ar mhodhanna scéalaíochta Bhab, nó staidéar a dhéanamh ar shocheolaíocht phobal Dhún Chaoin, nó a mhacasamhail, níl le déanamh acu ach neamhshuim a dhéanamh dár moltaí ar fad. Éistídís gan tuilleadh moille leis 'an ceol i gcainteanna Dhún Chaoin', mar a thug an file Seán Ó Ríordáin air.<sup>46</sup>

Más ceadmhach dúinn moladh a dhéanamh ar deireadh, b'fhéidir gur anois an t-am chun dul ag siúl i nDún Chaoin agus tú ag éisteacht le caint ghlórmhar Bhab ar ghléas nua-aimseartha mar sheinnteoir CD, iPod nó MP3/4. Lena linn sin, is féidir leat turas a thabhairt ar an láthair ina adhartar Naomh Gobnait agus míle moladh a thabhairt do mhaorgacht na mara móire agus na Blascaodaí os do chomhair amach. Ansan is féidir leat an príomhbhóthar a leanúint le fána síos go Baile na hAbha, thairis an tigh inar mhair Bab agus a clann. Beidh radharc ann chomh maith ar fhothrach an tí inar saolaíodh Bab, agus le truslóg eile tiocfair ar an seanatheampall mar a bhfuil Tomás Ó Criomhthain curtha laistigh de gheata ann. Anseo, leis, atá an leacht a leagadh i gcuimhne Bhríde Liath, tamaillín ó dheas i gcúinne thiar na reilge. Agus cad ina thaobh ná leanfá ort as sin siar an tslí ar fad go Com Dhíneol agus thar n-ais aríst, agus glaise na ngort le cois Shliabh an Fhiolair ag síorathrú romhat amach, agus goirme glé na farraige trasna an Bhealaigh ar an dtaobh eile uait. B'fhéidir go mbeadh sé d'ádh ort bualadh leo siúd gur cuimhin leo Bab, is a fheabhas a bhí sí chun scéalta a insint. Más amhlaidh a déarfá leo gur léi siúd díreach a bhís ag éisteacht, tharlódh go gcoimeádfadh sibh comhrá muinteartha le chéile ar feadh tamaillín a chuirfeadh le suáilceas na huaine i nDún Chaoin duit, agus ní bheadh aon ní ab fhearr le Bab féin ná é sin.

Bhaisteamar *Coiglimís an Tine*, túsfhocail na paidre atá chun tosaigh inár mbailiúchán, ar an gcnuasach seo. Sa tseanam nuair nach raibh fáil ar lasáin, chaithfí an tine ar a raibh beatha an duine ag brath, a fhadú i ndeireadh an lae, i dtreo is go bhféadfaí í a dheargadh arís maidin lá arna mhárach. Ghlaotaí ‘coigilt na tine’ ar an modh ina ndeintí an ghríosach a ráicíl ar chnáfairt tine lena hathbheochaint. Samhlaítear sa phaidir gur macalla shlánú Chríost ar an gcine daonna an choigilt. Iarrtar A chosaint siúd agus cumhdach na Maighdine Muire agus an dáréag aspal ar an dtigh go breacadh an lae, nuair a lasfar an tine arís. Ba bheag duine, fiú orthu siúd nach leo an creideamh simplí seo, ná raghadh an phaidir i bhfeidhm air, an phaidir a deirtí arís agus arís eile, ó oíche go hoíche, ó bhliain go bliain agus ó ghlúin go glúin. Maidir linn féin, tá ár ndícheall déanta againn caomhnú a dhéanamh ar thraidisiún Bhab le súil go gcoigleofar san éisteoir cuid den gcroílucht a mhothaíomarna agus sinn suite ag éisteacht léi cois a tine greadhnaí.

## NÓTAÍ

- 1 Scéalta traidisiúnta atá i gceist, gan eachtraí pearsanta a chur san áireamh. Luamar in *Ó Bhéal an Bhab* go raibh ar a laghad 150 scéal i stór Bhab, ach tá roinnt mhaith scéalta sa bhreis tagtha chun solais ó shin.
- 2 Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002.
- 3 *Ibid.*: 11-2.
- 4 Ó Cathasaigh 1998.
- 5 Ó Cathasaigh 2003. Maidir le ‘An Cat is an Luch’ agus ‘Cearc an Phrompa’ féach chomh maith Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002: 62-4, 59-61. Tá leagan eile le Bab de ‘Míorúilt na Nollag’ i gcló in *An Caomhnóir*, uimh. 19, 1998: 5.
- 6 Ó Héalaí agus Ó Tuairisg 2007: 219, 225-6, 228, 230-5 agus 247-9. Is é an t-ábhar ó Bhab atá ann ná na scéalta ‘Na Trí Shraoth’ (cf. Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002: uimh. 11), ‘An Píopaire’ (cf. *ibid.*, uimh. 12), ‘An Biorán Suain’ (cf. Ó Siochfhradha 1932 uimh. 34; mar a thugtar ‘Mar do Fuair Seán Bean’ ar an scéal); agus ‘Dé Luain, Dé Máirt’ (ATU 503, *The Gifts*

*of the Little People*), scéal nár tógadh ó Bhab cheana chomh fada agus is eol dúinn. Mar bhreis air sin, tá mionseanchas ar na sióga ann.

- 7 Almqvist 2005.
- 8 de Mórdha 2005; 'ac Gearailt 2005 ; Ó Cróinín 2005; Ó Dubhshláine 2005.
- 9 Anon. 2005.
- 10 Ní Mhurchú agus Breathnach 2007: 31-2.
- 11 <http://www.ucc.ie/en/DepartmentsCentresandUnits/RoinnanBhealoidisDepartmentofFolkloreEthnology/CornBhabFeiriteir/>
- 12 Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002: 159-60.
- 13 Ó Sé 2000.
- 14 Féach mar shampla Hyde 1936 agus 1939; Ó Duilearga 1948 agus 1981.
- 15 Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002:147-58.
- 16 Tá clár iomlán scéalta agus seanchais Bhab Feiritéar á ullmhú againn. Tá sé ar intinn againn feidhm a bhaint as na bailiúcháin go léir atá déanta ó Bhab sa chlár sin, ina measc, na bailiúcháin iomlána dár gcuid féin, an cnuasach ollmhór de thaifeadaí i gCartlann RTÉ Raidió na Gaeltachta (ar a raibh réamhchlár curtha ar fáil dúinn), na taifeadaí fuaime i gCartlann Choláiste Ollscoile Chorcaí, a chuir Pól Ruiséal, Stiúrthóir Ionad na Gaeilge Labhartha, inár dtreo, agus cnuasach iomlán Ruth Uí Ógáin.
- 17 Linda Dégh 1969:177-9.
- 18 Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002:174-5.
- 19 CBÉ 469: 27-46; Wagner agus Mac Congáil 1983: 206-15.
- 20 Ó Siochfhradha 1932.
- 21 Ó Súilleabháin 1952.
- 22 *Ibid.*: uimh. 53 agus 55.
- 23 Nuala Ní Dhomhnaill 1981 agus 1984.
- 24 Do dhlíthe na heipice, féach Orlík 1965: 129-41.
- 25 Don bhuntéacs, féach e.g. Robinson 1966: 89-93. Do leagan nua-aimseartha i mBéarla, féach e.g. Coghill 2009: 292-303.
- 26 Ruth Ní Longáin [Uí Ógáin] 1996: 73-4.
- 27 Tá na leaganacha Éireannacha ar fad den scéal cíortha ag Éilís Ní

- Dhuibhne (1980-81 agus 2001).
- 28 Tógtha as leagan nua-aimseartha Klaf agus Hurwood (1964): 78. Do mhacasamhail fhótastatach den bhuntéacs, féach Hazlett 1887: 160 (uimh. 48). Tá an scéal '*Thief, Beggar, Murderer*' tugtha ina iomláine againn in Aguisín C.
- 29 O'Sullivan 1933.
- 30 Féach Gillet 1941: 170-7.
- 31 Zimmerman 2001: 351.
- 32 Tagraíonn uimhreacha ATU d'eagrán leasaithe Hans-Jörg Uther de *The Types of the Folktale* le Antti Aarne agus Stith Thompson.
- 33 Ó Súilleabháin agus Christiansen 1963 faoin gceannteideal *Man does not recognise his own reflection in the water*.
- 34 Zimmerman 2001: 351.
- 35 Flower 1944: 37-46.
- 36 Synge 1966: 252.
- 37 Zimmerman 2001: 350-1.
- 38 *Ibid.*: 351. cf. Kiberd 1993: 176-86 agus Kiberd 2009: 232.
- 39 *Ibid.*: 351-2.
- 40 Wagner agus Mac Congáil 1983: iii.
- 41 In agallamh le Roibeard Ó Cathasaigh, 24 Feabhra 2004.
- 42 Almqvist agus Ó Cathasaigh 2002: 126-6.
- 43 D'inis sé na scéalta do Bo Almqvist, 20 Meitheamh, 1968.
- 44 Ní raibh Bab deimhin de cé acu mac le de Valera a bhí i gceist, ach dúirt sí, nuair a múchadh an taifeadán, gur dóichí gurbh é Vivion a bhí ann, an té a bheadh ina Mhaor-Ghinearál agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar 'Scéala Éireann'/*The Irish Press* ina dhiaidh sin.
- 45 Féach nóta do scéal 30 thíos.
- 46 Ó Riordáin 1971: *Linte Liombó*. Baile Átha Cliath, 14.

# 1 *Coigilt na Tine*

Coiglimis an tine seo fé mar a choigil Críost cách,  
Muire i dhá gceann an tí agus Bríd ina lár,  
an dáréag aspal is airde ins na flaithis  
ag gardáil an tí seo agus a bhfuil ann go lá.

I gcónaí, sara raghfaí a chodladh déanfaí an tine a choigilt,  
agus bhíodh paidear á leanúint agus deirtí i gcónaí í.

Scéalai eisceachtúil ab ea Bab Feiritéar a d'eachtraigh a cuid scéalta i suímh éagsúla: cois teallaigh, ar raidió is teilifís, agus i dtionóil mhóra ag Éigsi, Ollscoileanna agus Oireachtais na Gaeilge. Don scéalai óg a bheadh ag foghlaim na ceirde, is eiseamláir den scoth d'ealain bheo na scéalaíochta traidisiúnta iad insintí uile Bhab i *Coiglmis an Tine*.

Tá an-éagsúlacht sa dara cnuasach seo le Bab Feiritéar, paidreacha dúchais agus míreanna pearsanta, finscéalta áitiúla ar an osnadúr agus ar laochra ceantair is náisiúnta, scéalta grinn, seanscéal fada agus scéal rómánsúil seodmhar. Léiríonn scéalta eile fós a hómós don nGaelainn. Gheofar tráchttaireacht agus nótaí ósna heagarthóirí mar chlár binne ar an gcnuasach.

Tá na scéalta agus an seanchas atá ar an dá dhlúthdhiosca (60 rian le breis is dhá uair an chloig d'insintí) oiriúnach don gcainteoir dúchais agus don bhfhoghlaimoír araon. Ba dheacair taifeadtaí ó bhéal cainteora níos fearr ná Bab a fháil.

ISBN: 9780906096154

ISBN 978-0-906096-15-4



9 780906 096154